spreagadh don mhórchuid d'imeachtaí cultúrtha Chonradh na Gaeilge. As sin freisin a tháinig an col a bhí ag an gConradh le polaitíocht. Tá sé ionann is dearbhaithe gur fhéad an ghluaiseacht ab Éireannúla in Éirinn fanacht glan ar pholaitíocht as cionn fiche bliain.

Bhí an tOireachtas ar lár i ndiaidh le ar feadh fiche bliain, nó gur hathbhunaíodh é i mbéal an chogaidh seo caite. Is iomaí rud a tharla idir an dá linn. Bhí Stát Éireannach ann le fiche bliain, bhí an Ghaeilge fiche bliain dhá múineadh go forleathan sna Sé Chontae Fichead agus bhí sé ráite i mBunreacht na tíre gurb í an chéad teanga oifigiúil sa Stát í. Bhéadh duine ag súil sa mbliain 1939 nach é an tOireachtas céanna a bheadh ann a bhí ann i 1919 — ní áirím i 1899. Chuimhneodh duine go gcaithfeadh athrú a bheith san nós imeachta agus sna cineálacha comórtais. Féile Ghaeilge, ceart, ach níor chall gur féile chultúrtha í go huile agus go hiomlán. Cheapfá go bhféachfadh na hathbhunaitheoirí seo ar an saol nua, go dtiúrfaidís mear-fhéachaint ar an saol nár tháinig fós. Creidim go raibh daoine i láthair ag an Oireachtas athbhunaithe sin a bhí i láthair freisin ag an gcéad Oireachtas deich mbliain fichead roimhe sin. Ba mhó a bhí i láthair ag an gcéad Oireachtas, b'fhéidir. Ba mhó an spleodar freisin, b'fhéidir. Ach b'fhéidir gurb é an chéad rud a thiúrfadh na sean-fhondúirí faoi ndeara nárbh é an t-ionad céanna é. Idir Óid agus chaon tsort is é macsamhail an Eisteddfod é an tOireachtas. Sna meadracha, leagan Breathnaise an dáin dhírigh, a chaitheas dán na Cathaoireach san Eisteddfod a bheith. Ní cosúil go bhfuil duine ar bith in Éirinn anois toilteanach ar cumadóireacht sa dán díreach a chur air féin. Ach tá iarracht aithris air san Oireachtas. Sna meadair thraidisiúnta a chaithfeas cuid den fhilíocht a bheith. Is iontach an rud **tradition** a bheith déanta againne de nósa Breathnach arb é cumadóireacht Iolo Morganwg sa 18ú céad go leor acu.

Thogh mé an tOireachtas mar shampla maith de lón a bhfuil goile na Gaeilge stuáilte leis. Ní ag cáineadh an Oireachtais atá mé. Tá sé ag déanamh leas ar bhealaigh. Roinnt blianta ó shoin thug mé féin léacht ar bhéaloideas. Bíodh mo thuairimí ceart contráilte bhain siad cuid mhaith cainte amach. Thairg eagarthóir pháipéar Chonradh na Gaeilge an léacht a fhoilsiú. Fuair sé amach láithreach gurbh fhusa sin a rá ná a dhéanamh. Chuir oifigigh an Chonradh go nimhneach ina aghaidh. Bhí Conradh na Gaeilge i gcónaí ag cothú an bhéaloidis. Ba sheo leagan nua den chath ab éigean don Phiarsach agus do Phádraig Ó Conaire a chur ar Henebry agus ar Old Ireland.

Sampla eile dhe, na céilithe agus dar ndóigh na feiseanna. Tá an Conradh ag iarraidh le iad sin a choinneáil beo ach is snámh marfach in aghaidh na heasa é, eas phlúchtach an tsaoil nua nach bhfuil aon ghléas aige le modhanna oibre atá na blianta as dáta. Módh oibre nó teicníc a bhí sa bhFeis, cé gur meas **tradition** ab áil leis an gConradh a bheith uirthi.

Is beag a d'athraigh na craobhacha ná an déanamh atá orthu. Bíonn an rang Gaeilge acu mar bhíodh iado cé gur ghaire do leas go minic anois dhá mba rang ar ghiotamáil tí é nó ar chipiléaracht faoin bhfeilm. Is de shampla agus de ghníomhaíocht an Chonradh ariamh anall go dtí an lá atá inniu ann cuid mhaith den mhilleán faoin mí-leas atá dhá bhaint as